

Aitheantóir Cáipéise Seirbhís Míchumais – Foirm Fianaise ar Mhíchumas

Teideal Beartais:	Seirbhís Míchumais – Foirm Fianaise ar Mhíchumas
Cur Síos:	Is é cuspóir na cáipéise seo ná eolas a thabhairt faoi Sheirbhís Míchumais MIE a thairgtear trí Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, agus conas rochtain a fháil ar an tseirbhís sin trí do mhíchumas a nochtadh.
Údar (Post):	Oifigeach Rochtana
Leagan:	1
Arna Fhaomhadh ag:	An Fhoireann Cheannaireachta
Dáta Faofa an Bheartais:	Meitheamh 2020
Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:	Meitheamh 2023

Seirbhís Míchumais – Foirm Fianaise ar Mhíchumas

1. Comhthéacs

1.1. Tacaíocht do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Tá raon tacaíochtaí ar fáil do mhic léinn faoi mhíchumas buan i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (a dtagraítear dó amach anseo mar Choláiste na Tríonóide). Chun rochtain a fháil ar na tacaíochtaí míchumais sin ceanglaímid ort fianaise ar do mhíchumas a chur isteach. Úsáidtear an fhianaise ar mhíchumas a chuireann tú ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchar do mhíchumais agus chun cinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht chuí. Déanfaidh gairmithe Míchumais i gColáiste na Tríonóide measúnú air, garmithe a bhfuil saineolas agus eolas domhain acu ar thionchar an mhíchumais sa timpeallacht acadúil¹.

1.2. Tacaíocht do Mhic Léinn faoi Mhíchumas Gearrthéarmach nó Sealadach

Le haghaidh mac léinn atá faoi mhíchumas gearrthéarmach nó sealadach tá go leor Seirbhísí Mac Léinn ar fáil; mar shampla: [An tSeirbhís Sláinte Mac Léinn](#), [Comhairleacht Mac Léinn](#) agus socrú sealadach maidir le scrúduithe. Iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le do Theagascóir ar an gcéad dul síos.

2. Cuspóir

Is é cuspóir na cáipéise seo ná eolas a thabhairt faoi [Sheirbhís Míchumais MIE](#) a thairgtear trí Choláiste na Tríonóide agus conas rochtain a fháil ar an tseirbhís sin trí do mhíchumas a nochtadh.

Ní mór do mhic léinn iarratas a dhéanamh ar [Seirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide](#) agus an fhoirm iarratais in [Aguisín 1 a úsáid](#).

3. Sonraí Nós Imeachta

3.1. Fianaise ar Mhíchumas

Agus do cháipéisí fianaise ar mhíchumas á gcur isteach agat iarrtar ort a chinntiú go bhfuil siad comhlánaithe ag an ngairmí leighis cuí le haghaidh do mhíchumais. Cuirtear liosta de na gairmithe cuí do gach cineál míchumais (e.g. dall/lagamharc nó disléicse) ar fáil i Tábla 1.

Aitheantóir Cáipéise Seirbhís Míchumais – Foirm Fianaise ar Mhíchumas

¹Féach ar [Sheirbhís Míchumais MIE](#) agus [Seirbhís Míchumais na Tríonóide](#)

²Féach ar [An Beartas um Chóras na dTeagascóirí](#) agus [An Nós Imeachta um Chóras na dTeagascóirí](#)

3.2. Tacaíocht Mhíchumais

Is féidir le mic léinn nach féidir leo an fhianaise ar mhíchumas a sholáthar ón bhfoinse atá sonraithe i Tábla 1 leas a bhaint as leibhéal ginearálta de thacaíocht mhíchumais (e.g. Freastal sna Scrúduithe, tacaíochtaí acadúla agus comhairle ar theicneolaíocht chuiditheach agus rochtain ar chomhairleoir míchumais) trí fhianaise ar mhíchumas a chur ar fáil ó Dhochtúir Ginearálta nó gairmí sláinte eile (e.g. Síceolaí). Féadfaidh Mac Léinn ar a bhfuil Sain-Mhíchumas Foghlama, nach bhfuil tuairisc iomlán acu ó Shíceolaí Oideachais, fianaise a chur ar fáil ar stair de shain-mhíchumas foghlama nó de thacaí oideachais a fháil e.g. mar chuid de [Ráiteas Tionchair Oideachais DARE](#) nó litir ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le RACE (Freastal Réasúnta ag na Scrúduithe Teastais/Reasonable Accommodations at the Certificate Examinations).

3.3. Sainacaíochtaí Míchumais

Ní mór do mhic léinn atá ag iarraidh tacaíochtaí míchumais breise mar Theicneolaíocht Chuiditheach nó Teiripe Shaothair/Tacaíocht Foghlama duine le duine freastal ar chruinniú Meáunaithe Riachtanas le hOifigeach Míchumais i gColáiste na Tríonóide. Ceanglófar orthu na cáipéisí míchumais a chur ar fáil mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Úsáidtear na cáipéisí sonracha sin chun gur féidir le Coláiste na Tríonóide iarratas a dhéanamh ar an [gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas](#) chun maoiniú a chur ar fáil do na tacaíochtaí sin.

3.4. Mic Léinn AE, Cuairte nó Idirnáisiúnta

[Féadfaidh mic léinn AE, Cuairte nó Idirnáisiúnta](#) clárú le Seirbhís [Míchumais na Tríonóide](#) le haghaidh tacaíochtaí míchumais. Ní cháilíonn mic léinn AE, Cuairte nó Idirnáisiúnta do thacaí trí Chiste Údarás Ardoideachais na hÉireann (HEA) [do Mhic Léinn faoi Mhíchumas](#). Moltar do Mhic Léinn Cuairte agus Mhic Léinn Staidéir Thar Lear [teagmháil a dhéanamh le Seirbhís Míchumais na Tríonóide](#) sula ndéantar iarratas ar iontráil chun a gcuid riachtanas tacaíochta a phlé.

Aitheantóir Cáipéise Seirbhís Míchumais – Foirm Fianaise ar Mhíchumas

Tábla 1: Treoir maidir le Fianaise ar do Mhíchumas a Chur ar Fáil le haghaidh Tacaíochta i MIE

Cineál Míchumais	Cineál Cáipéisí	Gairmí Cuí
Neamhord Easnamh Airde (ADD mar is fearr aithne air sa Bhéarla)/Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnamh Airde (ADHD mar is fearr aithne air sa Bhéarla)	Foirm Fianaise ar Mhíchumas <u>NÓ</u> Tuairisc reatha	Síctraí Comhairleach <u>NÓ</u> Síceolaí <u>NÓ</u> Néareolaí <u>NÓ</u> Péidiatraí
Neamhord ar Speictream an Uathachais (Autism Spectrum Disorder mar is fearr aithne air sa Bhéarla) (Siondróm Asperger san áireamh)	Foirm Fianaise ar Mhíchumas <u>NÓ</u> Tuairisc reatha	Síctraí Comhairleach <u>NÓ</u> Síceolaí <u>NÓ</u> Néareolaí <u>NÓ</u> Péidiatraí
Dall/Lagamharc	Foirm Fianaise ar Mhíchumas <u>NÓ</u> Tuairisc reatha (N.B. Ní ghactar le fianaise ó shiopaí na mórshráide)	Oftailmeolaí <u>NÓ</u> Mainlia Oftalmach <u>NÓ</u> Litir ó Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill chun clárú leis an gcomhairle a dheimhniú <u>NÓ</u> má d'fhreastail mac léinn ar scoil le haghaidh na nDaill, litir ar pháipéar nótaí sainchlóite ag an bpríomhoide a dheimhniú freastal ar an scoil. Ní mór go ndeimhneofaí an méid seo a leanas leis an bhfianaise ar mhíchumas: (i) Tá an Ghéire Amhairc Cheartaithe is Fearr comhionann le níos lú ná 6/24 (Snellen) i súil amháin (ii) Amharc in Aice N18 nó níos lú i súil amháin (iii) Tá an Réimse Fhorimeallach Radhairc teoranta don mhéid a gcuireann sé isteach ar ghnáthadáil ábhar físe leis an bhfís e.g. Heimianóipe Chomhainmneach (Homonymous Hemianopia) (iv) Tá an Réimse Fhorimeallach Radhairc teoranta don mhéid a gcuireann sé isteach ar ghnáthadáil ábhar físe leis an bhfís e.g. Galar Stargardt (v) Lagamharc coirtéiseach mar thoradh ar mhasla inchinne agus míchumas eolas físe a phróiseáil

Aitheantóir Cáipéise Seirbhís Míchumais – Foirm Fianaise ar Mhíchumas

Bodhar/Allaíre ort	Foirm Fianaise ar Mhíchumas <u>NÓ</u> Tuairisc reatha (N.B. Ní ghlactar le fianaise ó shiopaí na mórshráide)	Closghram ó Éisteolaí atá cáilithe go gairmiúil agus/nó Lia Comhairleach ENT, le síniú, a shonraíonn go soiléir cailteanas déthaobhach éisteachta atá measartha go trom (i.e. os cionn 40dB) <u>NÓ</u> Má d'fhreastail mac léinn ar scoil do na Bodhair, litir ar pháipéar nótaí sainchlóite sínithe ag an bpríomhoide a dheimhníonn freastal ar an scoil.
--------------------	--	--

Aitheantóir Cáipéise Seirbhís Míchumais – Foirm Fianaise ar Mhíchumas

Neamhord Comhordaithe Forbartha (DCD) (nó Developmental Co-ordination Disorder mar is fearr aithne air sa Bhéarla) - Diospraicse/Diosgraife (nó Dyspraxia/Dysgraphia mar is fearr aithne air sa Bhéarla)	Measúnú síocoideachais iomlán <u>AGUS</u> Foirm Fianaise ar Mhíchumas <u>NÓ</u> Tuarascáil reatha	Síceolaí <u>AGUS</u> Teiripeoir Saothair <u>NÓ</u> Néareolaí <u>NÓ</u> Siciteiripeoir Cairte
Míchumas Intleachta	Fianaise ar Mhíchumas Foirm <u>NÓ</u> Tuarascáil reatha ó Speisialtóir ábhartha	Speisialtóir Ábhartha
Riocht Meabhairshláinte ³	Fianaise ar Mhíchumas Foirm comhlánaithe tráth nach luaithe ná 5 bliana roimh phointe an Mheasúnaithe Riachtanas <u>NÓ</u> Tuarascáil reatha nach mór nach mbeadh sé níos sine ná 5 bliana ag pointe an Mheasúnaithe Riachtanas	Síciatraí Comhairleach <u>NÓ</u> Speisialtóir is Cláraitheoir
Riocht néareolaíoch (lena n-áirítear Titimeas (nó Epilepsy mar is fearr aithne air sa Bhéarla) agus Gortú Inchinne)	Foirm Fianaise ar Mhíchumas <u>NÓ</u> Tuairisc reatha	Néareolaí <u>NÓ</u> Lia Comhairleach ábhartha eile
Míchumas Fisiceach	Foirm Fianaise ar Mhíchumas <u>NÓ</u> Tuairisc reatha	Lia Comhairleach Ortaipéideach <u>NÓ</u> Lia Comhairleach eile atá ábhartha don mhíchumas/riocht eile
Tinneas Suntasach Leanúnach	Foirm Fianaise ar Mhíchumas tráth nach luaithe ná 5 bliana tar éis phointe an Mheasúnaithe Riachtanais <u>NÓ</u> Tuairisc Reatha nach mór nach mbeadh sé níos sine ná 5 bliana ag pointe an Mheasúnaithe Riachtanais	<u>Diaibéiteas Cineál 1</u> Inchrineolaí <u>NÓ</u> Péidiatraí <u>Fiobróis Chisteach (FC)</u> : Lia Comhairleach Riospráide <u>NÓ</u> Péidiatraí <u>Reachtaí Gaistreintreolaíochta</u> : Gaistreintreolaí <u>Reachtaí Eile</u> : Lia Comhairleach/Speisialtóir ábhartha i réimse an reachta
Urlabhra agus Teanga Neamhord Cumarsáide	Foirm Fianaise ar Mhíchumas <u>NÓ</u> Tuairisc reatha	Teiripeoir Urlabhra agus Teanga

Aitheantóir Cáipéise Seirbhís Míchumais – Foirm Fianaise ar Mhíchumas

<p>Deacracht Foghlama Shonrach (lena n-áirítear Disléicse & Dioscalcúile nó Dyslexia & Dyscalculia mar is fearr aithne orthu sa Bhéarla)</p>	<p>Tuairisc iomlán ar Mheasúnú Síceolaíoch. I gcás tuairiscí níos sine beidh gá le fianaise bhreise ar scóir ghnóthachtála ábhartha nó cumarsáid ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le RACE. Tá an fhaisnéis sin ar fáil laistigh den Ráiteas Tionchair Oideachais DARE arna chomhlánú ag an scoil</p>	<p>Síceolaí</p>
--	---	-----------------

³ Féach freisin ar [Bheartas Meabhairshláinte](#)

4. Cáipéisí Gaolmhara

- 4.1. [Beartas Chóras na dTeagascóirí](#)
- 4.2. [Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí](#)
- 4.3. [Beartas Meabhairshláinte](#)
- 4.4. [Toiliú chun Faisnéis faoi Mhíchumas a Nochtadh agus a Chomhroinnt](#)
- 4.5. [An Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumais](#)
- 4.6. [Fógra maidir le Príobháideacht do Dhaoine faoi Mhíchumas](#)

Aguisín 1 – Foirm Fianaise ar Mhíchumas

Treoracha um Chomhlánú:

- Ní mór go ndéanfaí an fhoirm seo a chomhlánú ag Lia Comhairleach / Speisialtóir ag a bhfuil an oiliúint agus an taithí ar an riocht / míchumas áirithe an fhoirm seo a chomhlánú (iarrtar ort féachaint ar na Treoracha ar an bhFoirm Iarratais a Chomhlánú.
- Ní mór go mbeadh an fhoirm sin stampáilte.
- Ní mór do gach iarratasóir an fhoirm seo a chomhlánú, ach amháin iad siúd a bhfuil Deacrachtaí Foghlama Sonracha (e.g. Disléicse) nach mór dóibh tuairisc dheireanach de chuid Síceolaí Oideachais a chur ar fáil.

Caithfear gach cuid a chomhlánú

1 | Sonraí Mic Léinn:

Ainm an Mhic Léinn:

Dáta Breithe:

Uimhir Ghutháin:

Uimhir Mhic Léinn MIE:

2 | Gairmí Sláinte/Speisialtóir Cáilithe

Ainm, Teideal an Chomhairleora/Speisialtóra:

Gutháin (cód ceantair san áireamh):

Post/Cáilíochtaí Gairmiúla:

Dáta na Tuairisce:

Más GP nó gairmí sláinte eile tú (seachas Lia Comhairleach nó Speisialtóir) iarrtar ort tic a chur leis an mbosca ábhartha thíos:

Tá taifead agam de dhiagnóis ón lia comhairleach/speisialtóir cuí atá ainmnithe thuas:

N.B. Ní mór cóip den cháipéis ina bhfuil an diagnóis seo deimhnithe a cheangal leis an bhfoirm seo.

NÓ

Is féidir liom a dheimhniú go ndearna mé an duine seo a dhiagnóisiú le míchumas e.g. dúlagar/géarimní:

Ba cheart don GP nó don ghairmí sláinte eile cuid 3-7 a chomhlánú anois de réir mar is cuí.

3 Eolas faoi Mhíchumas (le comhlánú ag gairmí sláinte cáilithe)

Míchumas cineál (cuir tic leis le do thoil)

ADHD

Neamhord ar Speictream an Uathachais

Dall/lagú amhairc

Bodhar/Allaíre Ort

Diospraicse

Riocht Meabhairshláinte

Riocht Néareolaíoch

Míchumas Fisiceach

Neamhord Urlabhra agus Teanga

Tinneas Suntasach Leanúnach

Deacracht hoghlama Shonrach Neamhord Cumarsáide

Iarrtar ort ainm sonrach an Mhíchumais

Dáta na Diagnóise/Tús an Mhíchumais a shonrú

4 Tabhair Cur Síos gairid le do thoil ar Chúrsa an Reachta i.e. fanfaidh sé mar an gcéanna, d'fhéadfadh go mbeadh tréimhsí d'athiompu/de mhaolú i gceist, d'fhéadfadh go dtiocfaí meathlú air.

Fad: Leanúnach/Buan

Sealadach

Athraitheach

5 Cén tionchar a bhíonn ag an míchumas/riocht leighis ar chumas an mhic léinn staidéar a dhéanamh agus páirt a ghlacadh (mar shampla, tuirse, aird, pian, etc.)

6 Iarrtar ort cur síos ar bhearta atá á nglacadh faoi láthair chun an míchumas a chóireáil (e.g. cógas, teiripe).

7	Cé na moltaí a dhéanfa um leasuithe réasúnta chun rannpháirtíocht chomhionann san Ardoideachas a chumasú (e.g. freastal scrúdaithe, trealamh oiriúnaitheach etc.)?
---	--

8 **Áit a bhfuil an fhoirm seo comhlánaithe ag Lia Comhairleach ní mór don Lia Comhairleach na sonraí a chomhlánú thíos:**

Síniú an Lia Chomhairligh.

DÁTA: ____/____/____

Ainm an Lia Chomhairligh: _____

Stampa Oifigiúil: Ní mór go ndéanfaidh an gairmí cuí an fhoirm a chomhlánú agus a shíniú. Ina theannta sin ba cheart go mbeadh sé stampáilte nó go mbeadh cárta gnó in éineacht leis nó é a bheith ar pháipéar ceanteidil..

Stampa Oifigiúil: Mura bhfuil stampa ar fáil ba cheart cárta gnó in éineacht leis an bhfoirm seo nó é a bheith ar pháipéar ceanteidil..

9 **Áit a bhfuil an fhoirm seo comhlánaithe ag GP ní mór don GP na sonraí a chomhlánú thíos:**

Síniú an GP

DÁTA: ____/____/____

Uimhir IMC:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm an GP _____

Stampa Oifigiúil: Ní mór go ndéanfaidh an gairmí cuí an fhoirm a chomhlánú agus a shíniú. Ina theannta sin ba cheart go mbeadh sé stampáilte nó go mbeadh cárta gnó in éineacht leis nó é ar pháipéar ceanteidil.

Stampa Oifigiúil: Mura bhfuil stampa ar fáil ba cheart cárta gnó nó in éineacht leis an bhfoirm seo nó é a bheith ar pháipéar ceanteidil.